# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
## Scrúdú na hArdteistiméireachta 2001

## Gnó – Ardleibhéal
## (400 MARC)

## DÉ CÉADAOIN 13 MEITHEAMH, 9.30 r.n. - 12.30 i.n.

| C. | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**FREAGAIR**

**(A) <u>Ocht</u> gceist ó Roinn 1**

**(B) An Cheist ar Ghnó Feidhmeach ó Roinn 2 agus**

**(C) <u>Ceithre</u> cheist ó Roinn 3 mar seo a leanas:**

**Ceist <u>amháin</u> ó Chuid 1, <u>dhá</u> cheist ó Chuid 2**
**Agus ceist <u>Amháin</u> eile ó Chuid 1 nó Cuid 2.**
**Tá an marc céanna ag dul do gach ceist.**

**RABHADH**

**Ní mór duit Roinn 1 a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

**Tabhair ar aird le do thoil dáileadh na marcanna in aghaidh gach ceiste.**
**Is ceadmhach áireamháin a úsáid.**

**Scríobh do scrúduimhir anseo** | |



THALL→

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

## Scrúdú na hArdteistiméireachta 2001

## Gnó – Ardleibhéal

## ROINN 1:- CEISTEANNA GEARRFHREAGRAÍ
## (80 marc)

**Is roinn éigeantach í an roinn seo. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag dul do gach ceist.**

**1.** Cad a chiallaíonn na litreacha seo a leanas? Tabhair freagra iomlán sa spás bán ar gach ceist ar an leathanach.

**LLDB (SWOT)** ____________________

**DLM (EDI)** ____________________

**T ar I (ROI)** ____________________

**MBI (TQM)** ____________________

**BAD (HRM)** ____________________

**2.** Léirigh do thuiscint ar an téarma 'Boilsciú'.

____________________

____________________

____________________

____________________

**3.** Déan cairt le lipéid de Ordlathas Riachtanas Maslow.

**4.** I gcás chomhordú bainistíochta is gá:

**5.** Sainmhínigh taighde margaíochta:

**6.** Baineann forbairt fhréamhshamhla le:

**7.** Cabhraíonn an Margadh Eorpach Aonair le gnó toisc:

**8.** Dréachtaigh meamram (memo) agus é leagtha amach go cuí, go dtí na Feidhmeannaigh Díolacháin san eagraíocht, ag liostáil dhá mhodh sa ghnólacht chun Díolacháin a chur chun cinn.



**THALL →**

**9.** Rianaigh dhá chúis a ndéanfadh gnólacht Cóimheas Chaipiteal Oibre a áireamh.

**(A)**

**(B)**

**10.** Sainmhínigh agus déan cairt de chéimeanna Saolré Táirge sa spás thíos.

**(80 marc)**

***LEATHANACH BÁN***

***LEATHANACH BÁN***

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

**Scrúdú na hArdteistiméireachta 2001**

# Gnó – Ardleibhéal

## ROINN 2 AGUS 3

**FREAGAIR AN CHEIST AR GHNÓ FEIDHMEACH**

**agus**

**Ceithre cheist as Roinn 3 mar a leanas:**

**Ceist amháin as Cuid 1**

**Dhá cheist as Cuid 2**

**agus ceist amháin eile ó Chuid 1 nó Cuid 2.**



THALL →

# ROINN 2

**(80 Marc)**

**Is ceist éigeantach í an cheist seo.**

# Ceist ar Ghnó Feidhmeach

***AORA***

Bhunaigh Aileen O'Rourke a gnólacht agus a lipéad faisean ban, *'AORA'* beagnach trí bliana ó shin. Rinne Aileen staidéar ar dhearadh sa choláiste agus bhí sí ar an 10% ab fhearr sa rang nuair a bhain sí céim amach le gradam. Bhí tiomáint agus stiúir fúithi, agus dá bharr sin d'fhás an gnólacht. Bhí flosc agus fiontraíocht chruthaitheach inti agus bhí an-rath ar an bhfiontar. Le bliain anuas áfach, d'éirigh an iomaíocht ó dhearthóirí agus ó dhéantúsóirí Eorpacha níos déine. Bhí sí á thabhairt faoi deara go raibh moill agus ganntanas sa ghnólacht nach raibh le sonrú roimhe sin. Dúirt cara léi, a raibh taithí aige ar bhainistíocht ghnó, nach raibh na rialuithe sa ghnó aici chomh docht is ba mhaith leis féin agus go raibh sé riachtanach athruithe a chur i bhfeidhm sna réimsí sin.

Stíl dhaonlathach bainistíochta a bhí ag Aileen. Bhí éirithe go maith leis sin go dtí seo ach bhí sí in amhras go mbainfeadh a leithéid de stíl bhainistíochta na hathruithe ba ghá amach. Cé go ndúirt an comhairleoir léi gur cheart na hathruithe a dhéanamh gan mhoill chun caighdeáin a ardú agus custaiméirí a choinneáil, ní dúirt sé léi conas ab fhéidir léi na hathruithe a chur i bhfeidhm.

Teastaíonn instealladh caipitil ón ngnólacht freisin. Is ceart dó fairsingiú agus an teicneolaíocht a fháil chun earraí ardchaighdeáin a tháirgeadh don mhargadh nideoige a bhfuil an lipéad *'AORA'* ag díriú air. Tuigeann Aileen, de thoradh an chruinnithe lena comhairleoir, go dteastaíonn plean inchreidte gnó uaithi láithreach le todhchaí an ghnólachta a stiúradh agus le cur faoi bhráid na n-institiúidí airgeadais.

**(A)** Léirigh dhá réimse rialaithe a mholfá a chur i bhfeidhm láithreach sa ghnólacht. Luaigh cúis amháin i ngach cás díobh agus déan tagairt don téacs thuas i do fhreagra.

(30 marc)

**(B)** Pléigh beartais a d'fhéadfadh Aileen a úsáid chun an próiseas athraithe a bhainistiú i gceart. Mínigh do fhreagra go cuimsitheach. (30 marc)

**(C)** Déan cur síos ar thodhchaí an fhiontair mar a fheictear duitse é, agus leas á bhaint agat as ceannteidil ghnó chuí chun do mhachnamh a threorú. Luaigh na tuiscintí a ritheann leat féin de réir na sonraí a thugtar thuas.

(20 marc)
**(80 marc)**

# ROINN 3

**Freagair ceithre cheist as Roinn 3 mar seo a leanas:**
**Ceist amháin as Cuid 1, dhá cheist as Cuid 2 agus ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2. Tá an marc céanna ag dul do gach ceist.**

## Cuid 1

### Daoine i nGnó/Timpeallacht Ghnó

| Daoine i nGnó |
|---|

### Ceist 1

**(A)** Cuir an caidreamh idir fiontraithe agus infheisteoirí i bhfiontar gnó i gcodarsnacht le chéile. (15 marc)

**(B)** Déan *'Conradh'* a shainmhíniú. Rianaigh cén fáth nach conradh é 'cuireadh chun ceannaigh' (*'invitation to treat')* (20 marc)

**(C)** Dearbhaigh chomh héifeachtach is atá na príomhfhorálacha san Acht um Dhíolacháin Earraí agus Soláthar Seirbhísí (1980) i gcosaint tomhaltóirí. (25 marc)

**(60 marc)**

| Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta |
|---|

### Ceist 2

**Léigh an t-eolas a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.**

*Bíonn tionchar ag gnólachtaí, eagraíochtaí pobail agus ag athróga éagsúla eacnamaíocha ar an gcóras eacnamaíoch níos leithne in Éirinn. Uaireanta deimhníonn na hathróga eacnamaíocha rogha na heagraíochta gnó a bhunaítear agus a mhéid a éiríonn nó nach n-éiríonn le heagraíochtaí pobail.*

**(A)** Cuir Cuideachta Theoranta Phríobháideach agus Cuideachta Theoranta Phoiblí i gcodarsnacht le chéile mar chineál Eagras Gnó. (20 marc)

**(B)** Déan plé ar mar a chuidíonn na seirbhísí a sholáthraíonn eagraíocht forbartha pobail i do cheantar féin le fiontair ghnó. (20 marc)

**(C)** Déan anailís ar an tionchar a bhíonn ag athróga (tosca) eacnamaíocha i ngeilleagar na hÉireann ar gheilleagar logánta. (20 marc)

**(60 marc)**

**Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta**

**Ceist 3**

*I sochaí nua-aimseartha is beag tír a fhéadfaidh teacht slán trí bheith ag brath go hiomlán ar a trádáil bhaile féin. Tá tíortha uile an domhain, beagnach, idirspleách agus ag brath dá bhrí sin ar thrádáil idirnáisiúnta.*

**(A)** Déan anailís ar thábhacht Thrádáil Idirnáisiúnta i gcás na hÉireann. Déan tagairt i do fhreagra d'fhorbairt bhloic thrádála agus chomhlachtaí trasnáisiúnta. (35 marc)

**(B)** Mínigh an próiseas chun cinní a dhéanamh san Aontas Eorpach. Bíodh na hinstitiúidí cuí luaite i do fhreagra. (25 marc)

**(60 marc)**

# ROINN 3

## Cuid 2

## Fiontraíocht

**Bainistíocht**

### Ceist 4

**(A)** Dréachtaigh litir go dtí stiúrthóir bainistíochta fiontair a thagraíonn go himlíneach don leas a dhéanfadh sé don ngnó feabhas a chur a chuid córais Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide (ICT). Bíodh samplaí i do fhreagra. (20 marc)

**(B)** Imlínigh agus léirigh cad is brí le 'Tarmligean'. (15 marc)

**(C)** *"Pleanáil an ghníomhaíocht bhainistíochta is tábhachtaí"*

Mínigh cén fáth a measfadh mórán bainisteoirí go bhfuil an ráiteas seo fíor. Bíodh cúiseanna agus samplaí mar thaca le do fhreagra. (25 marc)

**(60 marc)**

**Bainistíocht/Gnó i ngníomh**

### Ceist 5

**Léigh an t-eolas leis seo agus freagair na ceisteanna a leanas.**

*Gnólacht beag bogearraí-a-scríobh é 'Capdata' i ndeisceart na hÉireann a bhfuil ceathrar fostaithe ann. Tá deis fáis aige ach is beag taithí atá aige ar ghnó a stiúradh ó lá go lá. Tá gá aige le foirgneamh, trealamh agus fostaithe a bhfuil scileanna teicneolaíochta sa ríomhaireacht acu chomh maith le scileanna bainistíochta gnó agus díolacháin.*

**(A)** Tugadh comhairle do 'Capdata' gur cheart dó an fhoinse airgeadais a mheaitseáil i gcónaí leis an sprioc a bhfuil an t-airgead le caitheamh air, pé acu foinse ghearrthéarmach, mheántéarmach nó fhadtréimhseach a roghnaíonn sé.

Mínigh cén fáth é seo, agus samplaí i do fhreagra as gach cineál foinse airgeadais acu. (20 marc)

**(B)** Déan cur síos ar Bhainistíocht Riosca.

Léirigh modh a bhféadfadh 'Capdata' leas a bhaint as chun rioscaí don ngnó a laghdú. (20 marc)

**(C)** Déan cur síos ar na cánacha a mbeadh dliteanas ag 'Capdata' dóibh. Abair cén bunús atá le do rogha. (20 marc)

**(60 marc)**

## Bainistíocht

### Ceist 6

**(A)** Pléigh tábhacht na ráiteas airgeadais a leanas do bhainistíocht fhiontar gnó.

(i) An Cuntas Brabúis agus Caillteanais.

(ii) An Clár Comhardaithe. (30 marc)

**(B)** Ó na figiúirí atá tugtha thíos:

(i) Ríomhaigh don bhliain 1999 agus 2000 na Cóimheasa Fíorthástála agus na Cóimheasa Fiachais/Cothromais.

(ii) Déan anailís ar aon treochtaí a thugann tú faoi deara ar do chuid áireamh.

| | **1999** | **2000** |
|---|---|---|
| Sócmhainní Reatha | Éir£ 90,500 | Éir£ 75,400 |
| Dliteanais Reatha | Éir£ 65,100 | Éir£ 44,600 |
| Stoc Ar Deireadh | Éir£ 47,300 | Éir£ 51,200 |
| Scairchaipiteal Cothromais | Éir£ 240,000 | Éir£ 240,000 |
| Fiach Fadtéarmach | Éir£ 150,000 | Éir£ 220,000 |
| Tuilleamh Coimeádta | Éir£ 60,000 | Éir£ 62,000 |

(30 marc)
**(60 marc)**

## Gnó i nGníomh

### Ceist 7

**(A)** Rianaigh trí fhoinse a d'fhéadfadh duine tionscantach a spreagadh chun smaointe nua gnó a aithint.

(20 marc)

**(B)** Déanann 'Seatsoft' Ltd. cathaoireacha oifige. Caitheann sé a chuid costas a ghlanadh chun teacht slán. Soláthraíonn 'Seatsoft' na figiúirí seo a leanas faoina chuid gníomhaíochtaí:

Costais Sheasta Éir£ 1 milliún
Costais Athraitheacha per aonad Éir£ 20
Réamhaisnéis Táirgeachta (Díolacháin) 70,000 aonad
Praghas Díola per aonad Éir£40

Léirigh trí chairt mheá ar mheá a chur ar fáil:

(i) An Pointe Meá ar Mheá.
(ii) An Brabús ag Lánchumas.
(iii) An Corrlach Sábháilteachta. (40 marc)

**(60 marc)**